# Amlíne maidir le bearta AE chun dul i ngleic leis an gcoróinvíreas (2020)

**Tá an tAontas ag gníomhú go daingean chun dul i ngleic le ráig an choróinvíris agus leis an drochthionchar a bhaineann léi. Caith súil ar an amlíne seo chun léargas a fháil ar bhearta AE.**

Céard atá ar bun ag an Aontas Eorpach chun iarmhairtí na ráige Covid-19 a mhaolú, muintir agus geilleagar na hEorpa a chosaint, agus an dlúthpháirtíocht a chur chun cinn? Tá an fhaisnéis is déanaí ar fáil san amlíne thíos.

*Is féidir leat amharc ar amlíne 2021 agus ar amlíne 2022 don nuacht is deireanaí.*

## Cúram sláinte

Tacú le hearnálacha sláinte poiblí agus cinntiú go bhfuil trealamh leighis ar fáil

### Riachtanais nua d'fheistí leighis curtha siar

17 Aibreán 2020

Chun ganntanas feistí leighis nó moill i dtabhairt feistí leighis tábhachtacha ar an margadh a chosc, d'aontaigh an Pharlaimint go gcuirfear siar an Rialachán nua maidir le Feistí Leighis.

Tuilleadh faisnéise

## Tacaíocht éigeandála a chur ar fáil do na hearnálacha sláinte

17 Aibreán 2020

Chuir an tAontas os cionn €3 bhilliún ar fáil óna bhuiséad chun soláthairtí leighis a dháileadh, iompar trealaimh agus othar a chomhordú agus tacú le tógáil ospidéal machaire. Go fadtéarmach, úsáidfear na cistí chun tacú le hacmhainneachtaí tástála agus taighde.

Tuilleadh faisnéise

## Allmhairí trealaimh leighis a éascú

3 Aibreán 2020

Chun trealamh leighis a fháil ó thíortha neamh-AE ar bhealach níos éasca, rinneadh dleachtanna custaim agus cáin bhreisluacha ar allmhairí a tharscaoileadh go sealadach.

Tuilleadh faisnéise

## Stoc comhchoiteann AE de threalamh leighis a chruthú

20 Márta 2020

Chruthaigh an tAontas stoc-charn straitéiseach d'aerálaithe, maisc ath-inúsáidte, soláthairtí saotharlainne agus táirgí teiripice ('rescEU') chun cuidiú le tíortha AE a bhfuil ganntanais iontu.

Tuilleadh faisnéise

## Borradh a chur faoin acmhainneacht táirgeachta

20 Márta 2020

Cuireadh caighdeáin chomhchuibithe Eorpacha do sholáthairtí leighis (maisc, cultacha cosanta, feistí cosanta agus riospráide) ar fáil go forleathan chun méadú ar an táirgeadh a éascú.

Tuilleadh faisnéise



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu

## Foireann saineolaithe Eorpach a chur ar bun

17 Márta 2020

Soláthraíonn painéal seachtar eipidéimeolaithe agus víreolaithe ó bhallstáit éagsúla treoirlínte maidir le freagairt an Aontais, atá bunaithe ar an eolaíocht agus comhordaíonn siad na bearta bainistithe riosca.

Tuilleadh faisnéise

## Infhaighteacht trealaimh cosanta phearsanta a dhaingniú

15 Márta 2020

Tá údarú ag teastáil chun trealamh cosanta pearsanta (maisc, aghaidhsciatha, éadaí cosanta) a onnmhairiú chuig tíortha lasmuigh den Aontas.

Tuilleadh faisnéise

## Trealamh leighis a cheannach le chéile

28 Feabhra 2020

Tháinig na ballstáit le chéile faoin gComhaontú um Sholáthar Comhpháirteach chun trealamh cosanta pearsanta (lámhainní, maisc, cultacha) aerálaithe agus trealamh tástála a cheannach.

Tuilleadh faisnéise

# Taighde

Ag tacú le taighde agus nuálaíocht le haghaidh cóireálacha agus vacsaíní éifeachtacha

## €90 milliún do thionscadail taighde chun dul i ngleic le víreas Covid-19

31 Márta 2020

Suas le €90 milliún le cur ar fáil faoi chuimsiú an Tionscnaimh um Míochaine Nuálaíoch, comhpháirtíocht idir an tAontas agus tionscal na cógaisíochta, chun tacú le tionscadail atá ag forbairt cóireálacha leighis agus diagnóisice (suas le €45 mhilliún ó bhuiséad AE).

Tuilleadh faisnéise

## €164 mhilliún do ghnólachtaí nuathionscanta agus nuálaíochtaí

20 Márta 2020

Leithdháileadh €164 mhilliún ar an gclár píolótach Accelerator ón gComhairle Nuálaíochta Eorpach chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí beaga teicneolaíocht a fhorbairt le cuidiú dul i ngleic leis an bpaindéim.

Tuilleadh faisnéise

## €80 milliún d'fhorbróir vacsaíne CureVac

16 Márta 2020

Chuir an tAontas suas le €80 milliún ar fáil do CureVac, forbróir vacsaíne nuálaíoch sa Ghearmáin, chun tacú le forbairt agus táirgeadh vacsaín i gcoinne an choróinvíris.

Tuilleadh faisnéise

### €48.25 milliún do 18 dtionscadal taighde ina bhfuil 151 fhoireann taighde páirteach

6 Márta 2020

Rinne an tAontas €48.25 milliún a leithdháileadh ar 18 dtionscadal taighde a bhfuil 151 fhoireann páirteach iontu, faoi Fís 2020, chun vacsaíní, cóireálacha nua agus mearthástálacha diagnóiseacha a fhorbairt agus ullmhacht agus freagairt do ráigeanna a fheabhsú.

Tuilleadh faisnéise

## Geilleagar

Tacú leis an earnáil airgeadais agus gnólachtaí

### Solúbthacht uasta chun cistí struchtúrtha an Aontais a chur ar fáil

23 Aibreán 2020

Le bearta nua, ceadaítear do na ballstáit acmhainní a aistriú idir na trí phíomhchiste comhtháthaithe (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe), idir na catagóirí réigiún éagsúla agus idir réimsí tosaíochta sonracha na gcistí.

Tuilleadh faisnéise

### An Pharlaimint ag iarraidh pacáiste téarnaimh ollmhór

17 Aibreán 2020

I rún uatha, d’iarr feisirí na Parlaiminte pacáiste téarnaimh ollmhór chun tacú le geilleagar na hEorpa tar éis ghéarchéim Covid-19, lena n-áirítear bannaí téarnaimh a bheidh ráthaithe ag buiséad AE, agus Ciste Dlúthpháirtíochta Eorpach um an gCoróinvíreas arbh fhiú €50 billiún ar a laghad é.

Tuilleadh faisnéise

## Tacaíocht €65 bhilliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta don gheilleagar

16 Aibreán 2020

Chruthaigh an Banc Eorpach Infheistíochta ciste ráthaíochta de €25 bhilliún a chur suas le €200 billiún ar fáil chun cuidiú le geilleagar na hEorpa, anuas ar an €40 billiún a cuireadh ar fáil cheana féin.

Tuilleadh faisnéise

## Treochlár Eorpach chun deireadh a chur de réir a chéile le bearta srianta

15 Aibreán 2020

Chuir an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle treoir agus moltaí ar fáil do bhallstáit agus iad i mbun deireadh a chur le bearta srianta.

Tuilleadh faisnéise
Leathanach an Choimisiúin

## Cúnamh láithreach d'ar a laghad 100,000 gnólachtaí beaga agus meánmhéide

6 Aibreán 2020

Agus aird á tabhairt aige ar thionchar na géarchéime ar ghnólachtaí beaga agus meánmhéide, chuir an tAontas thart ar €8 mbilliún i maoiniú ar fáil do ghnólachtaí na hEorpa.

Tuilleadh faisnéise

## Cistí struchtúrtha AE d'infheistíochtaí agus acmhainní riachtanacha (€37 mbilliún)

27 Márta 2020

Cuireadh €37 mbilliún ó chistí struchtúrtha AE ar fáil don Tionscnamh Infheistíochta um Fhreagairt ar an gCoróinvíreas chun tacú le córáis sláinte, gnólachtaí beaga agus meánmhéide agus margaí saothair.

Tuilleadh faisnéise

## Níos mó solúbthachta fioscaí

23 Márta 2020

Chun cur ar chumas na mballstát tabhairt faoi chaiteachas eisceachtúil le dul i ngleic leis an ngéarchéim, thug an tAontas níos mó solúbthachta isteach maidir lena rialacha buiséadacha.

Tuilleadh faisnéise

## Rialacha athbhreithnithe maidir le státchabhair

19 Márta 2020

Féadfaidh na ballstáit na rialacha maidir le státchabhair a chur i bhfeidhm go solúbtha lena chinntiú go mbeidh dóthain leachtachta ar fáil do ghnólachtaí de gach cineál agus chun leanúnachas gníomhaíochta eacnamaíche a chaomhnú.

Tuilleadh faisnéise

### Clár Ceannaithe Éigeandála Paindéime an Bhainc Ceannais Eorpaigh (€750 billiún)

18 Márta 2020

Sheol an Banc Ceannais Eorpach clár ceannaithe sócmhainní sealadach, ar fiú €750 billiún é, chun urrúis earnála príobháidí agus poiblí a cheannach, i dteannta an €120 billiún a cuireadh ar fáil do ghéarchéim na paindéime cheana.

Tuilleadh faisnéise

## Fostaíocht agus an tsochaí

Ag tacú le hioncaim teaghlaigh agus poist le linn na géarchéime

### Daoine a choinneáil i bpoist agus gnólachtaí a choinneáil ag imeacht (€100 billiún)

23 Aibreán 2020

Cuireadh iasachtaí de suas le €100 billiún ar fáil do na ballstáit ar théarmaí fabhracha, chun cur ar chumas cuideachtaí a bhfostaithe a choinneáil agus uaireanta oibre a laghdú agus tacaíocht ioncaim á cur ar fáil ag an am céanna.

Tuilleadh faisnéise

### Aire a thabhairt do na daoine is díothaí

23 Aibreán 2020

Chun an riosca ionfhabhtaithe a laghdú, cuirfear cúnamh bia agus bunearraí ar fáil tríd an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí le dearbháin pháipéir nó leictreonacha, agus cuirfear trealamh pearsanta ar fáil do na hoibrithe agus na hoibrithe deonacha.

Tuilleadh faisnéise

### Ag cuidiú le feirmeoirí agus iascairí

23 Aibreán 2020

Thug an tAontas níos mó solúbthachta isteach maidir le maoiniú don talmhaíocht, iascach agus dobharchultúr chun cuidiú leis na tionscail aghaidh a thabhairt ar thionchar Covid-19.

Tuilleadh faisnéise

### Cúnamh airgeadais tríd an gCiste Dlúthpháirtíochta (€800 milliún)

26 Márta 2020

Rinneadh raon Chiste Dlúthpháirtíochta AE a leathnú chun éigeandálaí sláinte poiblí a chumhdach, agus mar sin cuireadh €800 milliún ar fáil in 2020 do na ballstáit is mó atá thíos leis na bpaindéim.

Tuilleadh faisnéise

### Plódú líonra a sheachaint

19 Márta 2020

D'iarr an tAontas ar Netflix, Facebook agus YouTube an caighdeán sruthaithe a laghdú chun plódú líonra ar an idirlíon a sheachaint.

Tuilleadh faisnéise

## Taisteal agus iompar

Taisteal a shrianú agus seachadadh seirbhísí ríthábhachtacha a chinntiú

## Deireadh a chur le heitiltí folmha

26 Márta 2020

Cuireadh rialacha AE maidir le hamanna eitilte sna haerfoirt a chur iallach ar aerlínte na hamanna eitilte teacht agus imeachta a bhí beartaithe acu a úsáid chun iad a choinneáil an chéad séasúr eile ar fionraí go sealadach.

Tuilleadh faisnéise

## Sreabhadh leantach earraí agus seirbhísí a chinntiú

18 Márta 2020

Chur an tAontas ‘lánaí glasa’ ar bun ag trasnuithe teorann chun soláthar earraí riachtanacha agus trealamh leighis agus cosanta ríthábhachtach a chinntiú laistigh den mhargadh aonair.

Tuilleadh faisnéise

## Taisteal a shrianú chun scaipeadh an víris a stop

17 Márta 2020

Chun srian a chur le scaipeadh Covid-19, dhún an tAontas a theorainneacha do thaisteal neamhriachtanach.

Tuilleadh faisnéise

## Saoránaigh AE a aisdúichiú

Ó Eanáir 2020 ar aghaidh

Tugadh na mílte saoránach AE abhaile ó thíortha neamh-AE a bhuíochas don Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.

Tuilleadh faisnéise

Tá an phaindéim Covid-19 tar éis ráig bhréagaisnéise a chothú atá ag cur bac ar iarrachtaí chun dul i ngleic leis an gcoróinvíreas. Cuidíonn an tAontas Eorpach le bréagaisnéis a bhrath, a nochtadh agus a chomhrac trí eolas atá cruinn a chur ar fáil. Oibríonn an tAontas freisin le hardáin ar líne chun foinsí iontaofa a chur chun cinn, bréagnuacht a dhíbirt agus camscéimeanna a chosc.

Tugann leathanach speisialta ón gCoimisiún míniú ar conas dul i ngleic le bréagaisnéis agus cuireann sé ábhar ar fáil do sheiceáil fíricí agus chun scéalta gan bhunús a bhaineann le Covid-19 a cheartú.

*Tuilleadh eolais: freagairt an Aontais Eorpaigh ar an gcoróinvíreas*



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu